

**An Bhruiséil, 5 Samhain 2024
(OR. en)**

14567/24

**ECOFIN 1154
ENV 1010
CLIMA 365
FIN 918**

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide i bhfianaise an 29ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC COP29), i mBaki ón 11 go dtí an 22 Samhain 2024 - Mír nua in ionad mhír 17

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, mír 17 nua de na conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide i bhfianaise an 29ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP 29), a thagann in ionad mhír 17 de na conclúidí sin roimhe seo, a ghlac an Chomhairle (ECOFIN), an 5 Samhain 2024.

**AGUISÍN A GHABHANN LE CONCLÚIDÍ CHOMHAIRLE ECOFIN 2024 MAIDIR LE
MAOINIÚ IDIRNÁISIÚNTA DON TROID I gCOINNE AN ATHRAITHE AERÁIDE
(MÍR NUA IN IONAD MHÍR 17)**

TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS ranníocaíocht an Aontais agus a Bhallstát sa bhliain 2023 chun tacú leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide i dtíortha i mbéal forbartha, is é sin EUR 28.6 billiún¹ i maoiniú poiblí idirnáisiúnta agus EUR 7.2 billiún² i maoiniú príobháideach a slógadh.

¹ Ar an bhfigiúr seo, áirítear foinsí maoinithe ó bhuiséid phoiblí agus institiúidí airgeadais forbartha eile, agus ríomhtar é bunaithe ar ghealltanais do ranníocaíochtaí déthaobhacha agus eisíocaíochtaí de ranníocaíochtaí iltaobhacha, arna dtuairisciú ag na Ballstáit ar bhonn Airteagal 19.3 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018. Áirítear san fhiigiúr sin freisin maoiniú dar luach EUR 3.2 billiún ó bhuiséad an Aontais, don troid in aghaidh an athrú aeráide, lena n-áirítear ón gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus, agus EUR 2.6 billiún ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

² Baineann an figiúr leis an tacaíocht phríobháideach airgeadais arna slógadh trí idirghabhálacha poiblí (ráthaíochtaí, iasachtaí sindeacáite, infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí, línte creidmheasa, etc.). Ní áirítear ann aon airgeadas poiblí a úsáidtear chun an tacaíocht phríobháideach airgeadais sin a shlógadh.